



**ACHT NA
DTEANGACHA
OIFIGIÚLA, 2003
SCÉIM TEANGA**

2016 - 2019

Ábhar

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra	3
1.1 Réamhrá	3
1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime	3
1.3 Dáta Thosach Feidhme na Scéime	4
Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.....	5
2.1 Gearrchuntas.....	5
2.2 Struchtúr na Comhairle.....	5
2.3 Misean agus Cuspóirí	6
2.4 Na Príomhfheidhmeanna agus na Príomhsheirbhísí.....	6
2.5 Na Príomhionaid Teagmhála.....	6
Caibidil 3: Seirbhísí de chuid na Comhairle a bhfuiltear á soláthar trí Ghaeilge/sa Dá Theanga faoi láthair	8
Caibidil 4: An Soláthar Seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú.....	10
5.1 Soghluaisteacht Ball Foirne.....	14
5.2 Oiliúint agus Forbairt	14
Caibidil 6: Freagracht, Monatóireacht agus Athbhreithniú	15
Caibidil 7: An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú	16
Aguisín 1 - Táscairí Feidhmíochta	17

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

1.1 Réamhrá

Is é seo an tríú scéim teanga de chuid Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Foráiltear in Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 go ndéanfaidh comhlachtaí poiblí scéim teanga a ullmhú ina sonrúfar na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla, agus
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

agus na bearta a bheidh le glacadh chun a chinntiú go ndéanfar aon seirbhís nach soláthraíonn an comhlacht trí mheán na Gaeilge faoi láthair a sholáthar amhlaidh laistigh de thréimhse chomhaontaithe.

De réir alt 14(3) den Acht fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbíonn scéim nua daingnithe ag an Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Reigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta cibé acu is déanaí.

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta Scéim Teanga a chur i ngníomh faoina gcuirfear seirbhísí ardchaighdeáin ar fáil dár saoránaigh agus do na cuairteoirí chun an Chontae ar cainteoirí Gaeilge iad. Ó tugadh an chéad scéim isteach, tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle maidir le seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tugtar achoimre ar na héachtaí sin i gCaibidil 3. Tuigimid, áfach, go bhfuil réimsí ann nach mór dúinn feabhas a dhéanamh iontu agus tugtar iad sin i gCaibidil 4. Déanfar cur i ngníomh na scéime seo agus an úsáid a bhainfear as an nGaeilge a thomhas in aghaidh na dtáscairí feidhmíochta a thugtar i ndeireadh na scéime.

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Nuair a bhí an scéim seo á hullmhú tugadh an aird chuí ar na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. De réir na dTreoirínte seo, d'fhoilsigh Comhairle Contae Átha Cliath Theas fógra sna nuachtáin áitiúla, ar www.sdcc.ie, ar an leagan Gaeilge de shuíomh gréasáin na Comhairle www.athcliaththeas.ie agus sna meáin shóisialta ar an 21ú Bealtaine, 2015 á rá go raibh sé ar intinn aici dréacht-scéim a ullmhú. Scaipeadh an fógra seo ar chomhaltaí tofa na Comhairle freisin. Bhí tréimhse chomhairliúcháin ann a mhair ar feadh ceithre seachtaine agus a chríochnaigh ar an 18ú Meitheamh, 2015. Fuarthas dhá aighneacht i rith na tréimhse chomhairliúcháin. Cuireadh na haighneachtaí san áireamh nuair a bhí an dréacht-scéim á hullmhú.

Is é an prionsabal atá mar threoir ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas gur cheart an soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a bhunú orthu seo a leanas:

- bunleibhéal an éilimh ar sheirbhísí sonracha trí Ghaeilge,
- an tábhacht atá le cur chuige réamhghníomhach maidir leis na seirbhísí sin a sholáthar, agus
- na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus acmhainn Chomhairle Contae Átha Cliath Theas cur leis an inniúlacht teanga nó teacht ar an inniúlacht teanga is gá.

Comhlánú ar phrionsabail na Seirbhíse Ardchaighdeáin do Chustaiméirí agus ár gCairt Chustaiméirí í an scéim seo. Ceapadh í agus é ar intinn léi a chinntiú go dtabharfaí aghaidh go hiomlán de réir a chéile, tríthi seo agus trí scéimeanna amach anseo, ar oibleagáidí iomchuí uile Chomhairle Contae Átha Cliath Theas faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Tá an Scéim bunaithe ar na gealltanais ar fad a bhí in aon scéim roimhe seo a bheith curtha i bhfeidhm. Sa

chás nár cuireadh i bhfeidhm ina n-iomláine go dtí seo na gealltanais a bhí i scéimeanna roimhe seo beidh an cheist ina ábhar plé le hOifig an Choimisinéara Teanga. Tuigtear agus aithnítear an t-am agus an iarracht a chuireann gach duine a bhfuil baint acu leis an bpróiseas seo isteach ann.

1.3 Dáta Thosach Feidhme na Scéime

Dhaingnigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Reigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta an Scéim seo ar an **17 Deireadh Fómhair 2016**. Tosóidh sí le héifeacht ón dáta seo agus fanfaidh sí i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go dtí go mbeidh scéim nua daingnithe, cibé acu is déanaí.

Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

2.1 Gearrchuntas

Bunaíodh Comhairle Contae Átha Cliath Theas sa bhliain 1994. Is 222.7 km cr an t-achar atá fúithi. Tá thart ar 265,174 duine de dhaonra i gContae Átha Cliath Theas (daonáireamh 2011) agus tá os cionn 97,000 teaghlach ann. Thart ar 6,500 gnólacht atá sa Chontae. Cuirimid seirbhísí ar fáil do réimse leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear Cónaitheoirí Átha Cliath Theas, Gnólachtaí Tráchtála, Ranna Rialtais agus Gníomhaireachtaí Stáit, Comhpháirtithe Sóisialta, Eagraíochtaí Forbartha Áitiúla agus Grúpaí Pobail. Daonra sách óg atá i gContae Átha Cliath Theas seachas mar atá sa chuid eile d'Éirinn. Maireann daoine de bhunadh 120 tír i gContae Átha Cliath Theas.

2.2 Struchtúr na Comhairle

Is 40 comhalta tofa atá ar an gComhairle agus déanann siad ionadaíocht thar ceann na 6 thoghcheantar atá sa Chontae. Tagann an Chomhairle iomlán le chéile go míosúil chun ábhair a bhaineann le beartas agus le buiséad a aontú. Áirítear leo sin an buiséad bliantúil, an plean forbartha contae agus an plean corparáideach a ghlacadh; cinneadh a dhéanamh maidir le cláir tógála; fodhlíthe a dhéanamh; agus rátaí tráchtála agus an cháin mhaoine áitiúil a leagan síos. Tagann na ceithre choiste limistéir le chéile go míosúil freisin chun saincheistanna áitiúla a phlé. Is iad seo na ceithre choiste limistéir:

- Leamhcán (Toghcheantar Leamhcáin)
- Cluain Dolcáin (Toghcheantar Chluain Dolcáin)
- Tamhlacht (Toghcheantair Thamhlachta Láir agus Thamhlachta Theas)
- Ráth Fearnáin (Toghcheantair Ráth Fearnáin agus Theach Mealóg-Thír an Lúir)

Bunaíodh sé Choiste um Beartais Straitéiseacha a cheapann na beartais sula gcuirtear faoi bhráid na Comhairle iomláine iad lena gceadú. Is comhaltaí Comhairle mar aon le hionadaithe thar ceann earnálacha an ghnó, na feirmeoireachta, an chomhshaoil, an phobail agus na gceardchumann a bhíonn ina mbaill de na CBSanna. Tá ceangail idir an Chomhairle agus an earnáil phobail agus dheonach tríd an Líonra Comhpháirtíochta Pobail. Cuidíonn sí freisin le feidhmiú an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil atá freagrach as an gcaiteachas pobail a thagann as foinsí náisiúnta a rialú agus a mhaoirsiú.

Is iad seo na sé CBS:

- An CBS do na hEalaíona, Cultúr, Gaeilge, Oidhreacht agus Leabharlanna
- Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar
- Forbairt Eacnamaíoch, Fiontair agus Turasóireacht
- Comhshaol, Fearann Poiblí agus Athrú Aeráide
- Gnóthaí Sóisialta agus Pobail
- Tithíocht

Is iad an Méara agus cathaoirligh na gCoistí um Beartais Straitéiseacha chomh maith le ball arna ainmniú nó arna hainmniú ag coiste limistéir, nach bhfuil ionadaíocht á déanamh thar a cheann ag cathaoirligh na CBSanna, a bhíonn ina mbaill den Ghrúpa Beartais Chorparáidigh. Bíonn an GBC i mbun comhordaithe agus monatóireachta ach ina theannta sin titeann freagrachtaí ar leith air maidir leis an bPlean Corparáideach agus leis an mBuiséad Bliantúil a ullmhú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

Is Feidhmeannas faoi cheannas an Phríomhfheidhmeannaigh a dhéanann gnó na Comhairle ó lá go lá agus feidhmíonn sé laistigh den chreat beartais arna leagan síos ag na Comhaltaí Tofa.

2.3 Misean agus Cuspóirí

Doiciméad cúig bliana atá i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Átha Cliath Theas 2015 – 2019 ina leagtar amach an misean corparáideach, na bunluachanna, na téamaí agus na príomhchuspóirí don tréimhse sin.

Ráiteas Misin :

"Féachaint lenár gcontae a bheith ar an áit is fearr le cónaí ann, le bheith ag obair agus i mbun gnó ann."

Is iad seo na Príomhthéamaí faoina bhfeidhmíonn an Chomhairle:

- Forbairt Eacnamaíoch
- An Caighdeán Saoil - sláinte agus folláine
- Cuimsiú Sóisialta
- Rannpháirtíocht na nDaoine
- Comhoibriú le hearnálacha eile

2.4 Na Príomhfheidhmeanna agus na Príomhsheirbhísí

Soláthraíonn agus cistíonn an Chomhairle raon leathan seirbhísí lena n-áirítear tithíocht, bóithre, bealaí siúlóide agus rothaíochta, páirceanna agus áiteanna súgartha, leabharlanna, saoráidí spórt, rialú bruscair, ionaid ealaíon, aonaid fiontar, seirbhísí dóiteáin agus bonneagar pobail agus tacaí airgeadais.

Is éard atá ar intinn ag an gComhairle go mbeidh ar chumas gach réimse seirbhíse seirbhísí a chur ar fáil trí Ghaeilge agus beidh an ceart an Ghaeilge nó an Béarla a roghnú agus iad ag déileáil leis an gComhairle le fáil ag ár gcustaiméirí.

Cúig Stiúrthóireacht an leagan amach atá ar an gComhairle chun críche na seirbhísí seo a leanas a sholáthar:

- Forbairt Eacnamaíoch, Fiontar agus Turasóireachta (lena n-áirítear Leabharlanna agus an Oifig Ealaíon)
- Talamhúsáid, Pleanáil agus Iompar
- Tithíocht, Forbairt Shóisialta agus Pobail
- Comhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide
- Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe

2.5 Na Príomhionaid Teagmhála

Tá 7 mbealach éagsúla ann inar féidir leis an bpobal teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle agus freagra a fháil i nGaeilge, lena n-áirítear an teileafón, litir, ríomhphost, an suíomh gréasáin, na meáin shóisialta, sms (teachtaireacht téacs) agus ag na deasca poiblí.

Is i Halla an Chontae, Tamhlacht agus sna hOifigí Cathartha i gCluain Dolcáin atá na príomhionaid seirbhíse don Chomhairle Ionannaithe. Ina theannta sin, tá líonra fairsing d'Ionaid Pobail agus de Leabharlanna suite ar fud Chontae Átha Cliath Theas. Bíonn an Chomhairle i dteagmháil le Ranna Rialtais go leor, chomh maith le Gníomhaireachtaí Stáit, Comhpháirtithe Sóisialta, Lucht Gnó, Grúpaí Pobail agus Cumainn Cónaitheoirí.

Caibidil 3: Seirbhísí de chuid na Comhairle a bhfuiltear á soláthar trí Ghaeilge/sa Dá Theanga faoi láthair

Faoi láthair is trí mheán an Bhéarla, go príomha, a dhéantar an chuid is mó den chumarsáid go léir idir an chumarsáid scríofa agus an chumarsáid ó bhéal idir an pobal agus Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Cuireann an Chomhairle na seirbhísí/an t-eolas seo a leanas atá ar an liosta seo thíos ar fáil don phobal sa dá theanga nó trí Ghaeilge faoi láthair:

- Tá stáiseanóireacht na Comhairle (páipéar nótaí, duillíní dea-mhéine, agus clúdaigh comhad) sa dá theanga
- Tá na comharthaí i Halla an Chontae, sna hOifigí Cathartha i gCluain Dolcáin agus i Leabharlanna Átha Cliath Theas sa dá theanga
- Tugtar freagra i nGaeilge ar litreacha agus ar ríomhphoist a sheolann custaiméirí isteach i nGaeilge agus coinnítear cuntas ar an méid seo ar Chóras Teagmhála an Aonaid Cúraim do Chustaiméirí atá sa Chomhairle.
- Tá na teachtaireachtaí taifeadta atá ar an teileafón sa dá theanga
- Seirbhísí Duine le Duine: Tá 19 mball foirne ar fáil faoi láthair chun déileáil leis an bpobal trí Ghaeilge ag na deasca poiblí
- Tá eolaire de na baill foirne atá ar fáil le gnó a dhéanamh trí Ghaeilge ar fáil ar inlín na foirne
- Déantar na preaseisiúintí agus na fógraí go léir a bhaineann leis an nGaeilge a chur amach sa dá theanga chuig na meáin agus bíonn siad ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus ar chuntais na meán sóisialta
- Tugtar freagra trí mhéan na Gaeilge ar gach gnó de chuid na Comhairle a chuireann na comhaltaí tofa isteach trí Ghaeilge
- Tá na comharthaí logainmneacha nua go léir sa dá theanga de réir Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003
- Tá Gaeilge ar an ábhar seasta go léir ar an leathanach baile ar www.athcliaththeas.ie agus ar na príomh-fhochodanna de shuíomh gréasáin na Comhairle
- Tá suíomh gréasáin Gaeilge curtha ag Leabharlanna Chontae Átha Cliath Theas ar www.southdublinlibraries.ie agus tá an t-eolas seasta as an bpríomhshuíomh gréasáin seo air.
- Tá Gaeilge anois i ngach ceann de na Pointí Féinseirbhíse i Leabharlanna Átha Cliath Theas
- Tá an suíomh gréasáin SOURCE, an chartlann dhigiteach ar líne, i nGaeilge, is féidir dul isteach air tríd an suíomh Béarla agus tá eolas seasta as an leagan Béarla air, source@southdublinlibraries.ie
- Forbraíodh leagan Gaeilge de www.fixyourstreet.ie agus tá sé á stiúradh go náisiúnta ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ag www.deisighdoshraid.ie

- Féadfaidh daoine den phobal iarratas ar cheadúnas madraí a dhéanamh ar líne freisin trí Ghaeilge ag [Seirbhís um Cheadúnú Madraí ar líne](#)
- Cuirtear Ranganna Gaeilge ar fáil saor in aisce do dhaoine fásta i mbrainsí leabharlainne
- Cuirtear ranganna Gaeilge go leibhéal na hArdteistiméireachta ar fáil do dhaltaí dara leibhéal ar feadh sé seachtaine agus tugtar deis dóibh cleachtadh don Bhéaltríail Ghaeilge ag deireadh an chúrsa
- Seachtain na Gaeilge Átha Cliath Theas a bhíonn ar siúl gach bliain - ócáid cheiliúrtha na teanga agus an chultúir Ghaelaigh a bhíonn á reáchtáil gach bliain ón 1ú go dtí an 17ú Márta
- I gcás fiosruithe trí Ghaeilge, is féidir teagmháil dhíreach a dhéanamh ach ríomhphost a sheoladh chuig Gaeilge@athcliaththeas.ie
- Tá an gnáthshéanadh ríomhphoist sa dá theanga
- Déantar admhálacha ar thicéid pháirceála a eisiúint sa dá theanga
- Tá an Plean Corparáideach, an Plean Forbartha Contae agus na Tuarascálacha Bliantúla ar fáil sa dá theanga
- Bíonn ailt Ghaeilge sa nuachtlitir foirne, 'South Circular'
- Bíonn Rannán Gaeilge sa nuachtlitir 'South Dublin County Today' atá ag an gComhairle do na saoránaigh
- Tá na plaic chomórtha nua go léir i nGaeilge agus i mBéarla
- Bíonn na hábhair eolais a scaiptear ar na scoileanna foilsithe sa dá theanga

Caibidil 4: An Soláthar Seirbhísí trí Ghaeilge a fheabhsú

Is trí mheán an Bhéarla is mó a dhéantar an chumarsáid leis an bpobal. Tá an Chomhairle tiomanta na gníomhartha seo a leanas a chur i gníomh chun an soláthar seirbhísí trí mheán na Gaeilge a fheabhsú.

An Chumarsáid ó Bhéal

An Chéad Phointe Teagmhála

Is iad an teileafón/na deasca poiblí na príomh-mhodhanna ar/ag a dtugann daoine den phobal ar cainteoirí Gaeilge iad faoi chumarsáid nó faoi ghnó a dhéanamh leis an gComhairle. Cuirtear fáilte roimh fhiosruithe i nGaeilge agus tugtar ugach sin a dhéanamh tríd an Aonad Cúraim do Chustaiméirí atá sa Chomhairle, mar a bhfuil uimhreacha teileafóin difriúla le diailiú de réir mar is mian leis an nglaoiteoir labhairt i mBéarla nó i nGaeilge.

- Cuirfear an oiliúint iomchuí ar na baill foirne go léir san Aonad Cúraim do Chustaiméirí agus spreagfar iad le leanúint ar aghaidh níos faide leis an gclár oiliúna Gaeilge san ionad oibre d'fhonn cur lena scileanna Gaeilge ionas go mbeidh siad eolach ar na beannachtaí bunúsacha a úsáidtear i nGaeilge. Freagróidh na gníomhairí go léir don Chúram do Chustaiméirí glaonna teileafóin ó dhaoine ón taobh amuigh le beannacht, ar an gcuid is lú, sa dá theanga.
- Beidh ar chumas gníomhairí don Chúram do Chustaiméirí a aithint freisin gur iarraidh ar sheirbhís trí Ghaeilge atá ann agus beidh siad in ann an glaoiteoir a chur i dteagmháil le hoifigeach sa réimse seirbhíse iomchuí ar cainteoir Gaeilge é nó í. I gcás nach mbeidh aon chainteoir Gaeilge ar fáil sa réimse seirbhíse iomchuí gheobhaidh gníomhaire san Aonad Cúraim do Chustaiméirí ar cainteoir Gaeilge é nó í an freagra ó oifigeach sa réimse seirbhíse iomchuí agus tabharfaidh an gníomhaire an t-eolas don chustaiméir ansin.
- Tá seirbhís ghlórphoist trí Ghaeilge ar fáil do chustaiméirí.
- Cinnteoidh an tSeirbhís Leabharlainne go mbeidh ball foirne amháin ar a laghad i ngach leabharlann ar fáil chun seirbhís a sholáthar sa dá theanga
- Beidh na beannachtaí taifeadta go léir ar an teileafón agus na teachtaireachtaí a bheidh á dtabhairt amach le linn uaireanta dúnta sa dá theanga agus déanfar athbhreithniú orthu go rialta chun comhlíonadh a chinntiú
- Leanfar leis an nós chun comharthaíocht a chrochadh suas ag tabhairt le fios go bhfuil fáilte roimh an bpobal a ngnó a dhéanamh linn i nGaeilge. Ach go háirithe déanfar cinnte go bhfuil an chomharthaíocht seo ag gach deisc poiblí ar thaispeáint don phobal go suntasach. Cuirfear é seo i bhfeidhm ag deireadh an chéad bhliain den scéim.

An Chumarsáid Scríofa

- Déanfar an chumarsáid scríofa go léir a gheofar leis an bpost nó le ríomhphost ón bpobal, ó eagraíochtaí eile nó ó ionadaithe tofa a fhreagairt sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í. Níor cheart an tseirbhís trí Ghaeilge a bheith ar chaighdeán níos ísle ná an tseirbhís trí Bhéarla. Tá córas i bhfeidhm ag an gComhairle chun cuntas a choinneáil ar an gcomhfhreagras go léir a fhaightear i nGaeilge.

- Má sholáthraítear leaganacha ar leith i nGaeilge agus i mBéarla d'fhoirmeacha iarratais agus de bhileoga eolais, tabharfar an tsuntasacht chéanna don dá leagan ar láithreacha poiblí

Beartas maidir le Cruinnithe Poiblí

- Déanfaidh an Chomhairle a cruinnithe poiblí a reáchtáil trí Bhéarla agus trí Ghaeilge araon. Foilseofar na cláir oibre i mBéarla. Maidir le gach rún agus ceist a chuirtear isteach i nGaeilge, áfach, tugtar na freagraí sa dá theanga ar chóras riaracháin chruinnithe na Comhairle agus bíonn siad ar fáil don phobal. Cuirfear oiliúint sa Ghaeilge ar fáil do Chomhairleoirí a mbeidh suim acu a n-inniúlacht in úsáid na Gaeilge a fheabhsú. Beidh ábhair/acmhainní Gaeilge ar fáil do na comhaltaí tofa trí membersnet ar mhaithe le seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt agus a sholáthar.

Stáiseanóireacht

- Ó tharla go dtiocfaidh Eircode, an cód láithreach cliste nua le haghaidh na seoltaí Éireannacha go léir, isteach i samhradh na bliana 2015 tabharfaidh an Chomhairle faoi athbhreithniú a dhéanamh ar an stáiseanóireacht go léir chun a chinntiú go mbeidh an t-eolas bunúsach amhail an seoladh agus teidil lógónna sa dá theanga ar gach ábhar clóbhuailte amhail ceanteidil litreacha, duillíní deamhéine, cártaí cuiridh agus cártaí gnó.

Comharthaí

- Déantar íomhá phoiblí agus féiniúlacht chorparáideach na Comhairle a léiriú sa dá theanga. Beidh teideal na Comhairle, a híomhá phoiblí agus aon dearadh gaolmhar sa dá theanga freisin ar na comharthaí agus na fógraí go léir ar a maoin agus ar a foilseacháin nó ina maoin agus ina foilseacháin. Beidh an téacs i nGaeilge chomh suntasach, chomh feiceálach agus chomh inléite leis an téacs i mBéarla.
- Beidh na comharthaí eolais phoiblí go léir a chuirfear ar fáil as an nua nó a chuirfear in ionad na gceann a bhí ann rompu agus a mbeidh an Chomhairle freagrach astu, lena n-áirítear comharthaíocht bhóthair, comharthaí seachtracha agus inmheánacha ag foirgnimh atá in úinéireacht na Comhairle sa dá theanga.

Logainmneacha

- Is í Comhairle Contae Átha Cliath Theas a dhéanann an phleanáil do na forbairtí nua go léir a cheadú. Déantar na logainmneacha Gaeilge agus Béarla araon a chlárú ina n-ainmneacha oifigiúla ar Ordú an Phríomhfheidhmeannaigh.
- Tá prótacal maidir le hainmniú droichead/páirceanna/plás i gContae Átha Cliath Theas á scrúdú faoi láthair ag an gCoiste um Beartais Straitéiseacha ar Thalamhúsáid, Pleanáil agus Iompar de chuid na Comhairle. Cuirfidh an coiste san áireamh an tábhacht atá le logainmneacha Gaeilge atá ina gceangal le stair agus le hoidhreacht limistéir.
- Chuir an Chomhairle bunachar sonraí de Logainmneacha agus Sráidainmneacha Átha Cliath Theas i dtoll a chéile agus d'fhoilsigh sí doiciméad ina dtugtar liosta dátheangach de logainmneacha agus de

shráidainmneacha. Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag cur na bhforbairtí nua go léir sa bhunachar sonraí seo.

- Lorgóidh an Chomhairle comhairle ón mBrainse Logainmneacha sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a mbíonn seirbhís chomhairleach i dtaobh logainmneacha ar fáil uaithe más gá.

Foilseacháin

- Déanfar doiciméid ina leagtar amach tograí beartais phoiblí, cuntais iniúchta nó ráitis airgeadais, tuarascálacha bliantúla agus ráitis straitéise a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.
- Is é an gnáthchleachtas go ndéantar na leaganacha Gaeilge agus Béarla a fhoilsiú le chéile in aon doiciméad amháin.
- D'fhéadfadh gur ghá i roinnt cásanna, cuir i gcás nuair a bhíonn an bunleagan an-mhór, go ndéanfaí leaganacha ar leith i nGaeilge agus i mBéarla a eisiúint le haghaidh foilseachán áirithe. I gcás ina ndéanfar leaganacha ar leith i nGaeilge agus i mBéarla a fhoilsiú, beidh ráiteas i ngach aon cheann de na doiciméid á lua go bhfuil leagan ar fáil sa teanga eile.
- Beidh réamhrá gearr agus achoimre i nGaeilge sna bileoga eolais go léir.

Eolas a scaipeadh ar an bPobal/Cora poist

- Déanfar eolas i scríbhinn a sheolfar le cora poist chuig an bpobal a mheasúnú de réir na gcritéar arna leagan amach in Alt 9 (3) den Acht chun a chinneadh an ann do cheanglas an doiciméad a eisiúint sa dá theanga.

Na Meáin

- Is iad na fógraí preasa agus na preaseisiúintí na príomh-mhodhanna trína roinneann an Chomhairle eolas agus tuairimí go rialta leis na meáin. Déanfar fógraí preasa agus preaseisiúintí a bhainfidh leis an nGaeilge a eisiúint sa dá theanga faoi mar is gnách. Déanfaidh an Chomhairle iarracht líon na bhfógraí preasa i nGaeilge a mhéadú 10%.
- I gcás go mbainfidh an t-ábhar go sonrach le saincheisteanna Gaeilge, déanfar fógraí agus fógraín a fhoilseofar sna nuachtáin áitiúla/náisiúnta a fhoilsiú sa dá theanga.

Teicneolaíocht na Faisnéise

- Aithníonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas go bhfuil Teicneolaíocht na Faisnéise an-tábhachtach ó thaobh eolas a thabhairt don phobal.
- Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh leis an ábhar seasta ar shuíomhanna gréasáin na Comhairle agus na Leabharlainne a thabhairt cothrom le dáta.
- Cuirfidh an Chomhairle úsáid an leagain Ghaeilge den suíomh gréasáin Fix Your Street, is é sin www.deisighdoshruid.ie, chun cinn.

- Tá seoladh ríomhphoist cineálach ann le haghaidh fiosruithe Gaeilge - gaeilge@athcliaththeas.ie. Cinnteoidh an Chomhairle go ndéileálfar leis na fiosruithe sin de réir an bheartais atá ag Aonad Cúraim do Chustaiméirí na Comhairle.
- Déanfar an Leathanach Eolais i nGaeilge atá ar shuíomh gréasáin na Comhairle www.sdcc.ie a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun seirbhísí agus imeachtaí a bheidh ar fáil don phobal trí Ghaeilge a chur chun cinn.
- Tabharfar isteach gach seirbhís idirghníomhach nua ar líne go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla.
- Déanfar inlín fhoireann na Comhairle a athdhearadh agus beidh Rannán Acmhainní Gaeilge air don fhoireann.

An Teanga Bheo

Beidh clár imeachtaí éagsúla ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas chun an Ghaeilge a chomóradh. Cuid de Chlár Imeachtaí Chomórtha an Chéad Bliain a bheidh ar siúl in 2016 a bheidh iontu agus sa chlár:

- Déanfar leathanach dátheangach a fhorbairt - [Comóradh Céad Bliain 1916 in Áth Cliath Theas](#)
- Déanfar gach ábhar bolscaireachta agus cuireadh a eisiúint sa dá theanga.
- Cinnteofar go dtabharfar suntas don Ghaeilge agus go ndéanfar í a chomóradh i réimsí uile na gclár éagsúil a bhainfidh le Clár an Chomórtha.
- Déanfar cárta sparáin a mbeidh gnáthabairtíní an lae i nGaeilge air a dhearadh agus a tháirgeadh ionas go spreagfar daoine chun níos mó Gaeilge a úsáid. Scaipfí an cárta seo ar Eagraíochtaí san Earnáil Phoiblí, ar Ghnólachtaí Áitiúla, Clubanna Spóirt, Gníomhaireachtaí Pobail agus Deonacha agus ar an Líonra Comhpháirtíochta Pobail.

Gaelscoileanna agus Eagrais Gaeilge Eile i gContae Átha Cliath Theas

Tugann Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas aitheantas agus meas i gcónaí d'úsáid na Gaeilge agus an Dátheangachas i nGaelscoileanna agus in Eagrais Gaeilge Eile san áireamh Áras Chrónáin Ionad Cultúir agus Gaelphobal Thamhlachta.

Caibidil 5: An Inniúlacht Teanga a Fheabhsú

5.1 Soghluaisteacht Ball Foirne

Leanfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas ar aghaidh ag athbhreithniú cibé céard iad na poist san eagraíocht a dteastaíonn inniúlacht sa Ghaeilge (idir scríobh agus labhairt) lena n-aghaidh. Déanfaidh an Chomhairle baill foirne atá inniúil sa Ghaeilge a leithdháileadh ar ranna chun tacú leis an soláthar seirbhísí trí Ghaeilge. Beidh na sonraí teagmhála le haghaidh na seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus ar an inlín.

5.2 Oiliúint agus Forbairt

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta eolas agus scileanna na bhfostaithe a fheabhsú chun a chinntiú go dtabharfar an spreagadh agus an deis do na baill foirne go léir cur lena n-inniúlacht sa Ghaeilge. Beidh an t-éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge le ré na scéime sa chomhaireamh chun cinneadh a dhéanamh maidir lena mhéid is a chuirfear leis an oilteacht sa Ghaeilge. Déanfaidh an Stiúrthóireacht Feidhmíochta Corparáidí agus Bainistíochta Athruithe iniúchóireachtaí ar an éileamh ar sheirbhísí trí Ghaeilge go rialta agus beidh siad ina mbonn eolais don Phlean Oiliúna.

Déanfaidh an Chomhairle an méid seo:-

- Cuirfidh sí ábhair Ghaeilge ar fáil don fhoireann trí inlín fhoireann Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ar mhaithe leis na seirbhísí trí Ghaeilge a fhorbairt agus a sholáthar.
- Beidh feachtas teanga san áireamh aici mar chuid den phróiseas ionductáin agus den oiliúint leanúnach chun a chinntiú go n-éireoidh le baill foirne nua agus na baill foirne atá ann:
 - a. tuisicint a bheith acu ar an gcúis atá le beartas dátheangach a bheith á chur i ngníomh ag an gComhairle
 - b. tuisicint a bheith acu ar chomhthéacs agus ar chúlra an bheartais; agus
 - c. a bheith ar an eolas go hiomlán i dtaca leis an gcaoi a ndéanfaidh an beartas difear dá gcuid oibre
- Córais eile a scrúdú (e.g. scéimeanna chun aitheantas a thabhairt do bhaill foirne agus scéimeanna bronnta gradam) chun go bhfaighfidh na seirbhísí trí Ghaeilge spreagadh ón bhfoireann agus chun go gcuirfidh siad chun cinn iad agus chun aitheantas a thabhairt d'iarrachtaí na foirne.
- Tacaíocht faoin Scéim Chúnaimh Airgeadais a thabhairt do bhaill foirne ar mhian leo cúrsaí oiliúna Gaeilge a dhéanamh. Tabharfar tús áite ar an gcéad dul síos do bhaill foirne líne tosaigh.

Caibidil 6: Freagracht, Monatóireacht agus Athbhreithniú

Is í Bainisteoir na Feidhmíochta Corparáidí agus Bainistíochta Athruithe a bheidh freagrach as a chinntiú go gcuirfear an scéim seo i ngníomh ar fud na Comhairle, agus is ar an bhfoireann bhainistíochta a bheidh an fhreagracht an scéim a chur i ngníomh ina réimsí seirbhíse. Is é an tAonad Cumarsáide a bheidh ina phríomhionad teagmhála le haghaidh na bhfiosruithe go léir.

Déanfar bileoga treorach agus achoimre ar an scéim seo a scaipeadh ar an bhfoireann go léir ag tabhairt cineál agus cuspóir na scéime agus a ceanglais le fios mar aon le feidhmiú na mbeart, lena n-áirítear úsáidí seirbhísí aistriúcháin, dea-chleachtas, agus bealaí inar féidir le hoifigigh ar cainteoirí Gaeilge iad nó nach cainteoirí Gaeilge iad cuidiú leis an bpobal seirbhís mhaith a fháil.

Déanfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas athbhreithniú ar fheidhmiú éifeachtach na scéime seo go bliantúil agus tabharfaidh sí tuarascáil ar an dul chun cinn sa Tuarascáil Bhliantúil. Leagfar amach an struchtúr chun monatóireacht a dhéanamh ar an scéim de réir na gcóras bainistíochta agus feabhsúchán feidhmíochta, cuirfear an tuarascáil, lena scrúdú ag na comhaltaí tofa agus ag daoine den phobal, i dTuarascáil Bhliantúil na Comhairle.

Cuirfear tuarascálacha ar an dul chun cinn ar an Scéim Teanga ar fáil freisin do Choiste um Beartais Straitéiseacha ar na hEalaíona, Oidhreacht, Gaeilge agus Leabharlanna na Comhairle.

Gearáin

Bíonn meas ag an gComhairle ar na tuairimí a fhaigheann sí ó dhaoine den phobal agus ba mhian léi a bheith ar an eolas mura mbeadh cúrsaí ag oibriú amach i gceart nó dá mb'fhéidir iad a fheabhsú. Ba é ba mhian leis an gComhairle gach ab fhéidir a dhéanamh chun údair imní a bhíonn dáiríre a shásamh agus tá nós imeachta oifigiúil aici i ndáil le gearáin.

Déantar gearáin a fhaightear i nGaeilge nó a bhaineann le caighdeán na seirbhísí trí Ghaeilge a phróiseáil mar chuid den nós imeachta corparáideach atá ag an gComhairle i ndáil le gearáin. Tugtar breac-chuntas sa nós imeachta ar na caighdeáin atá againn chun déileáil go pras agus go héifeachtúil le gearáin mar chuid dár dtiomantas ardchaighdeán seirbhísí custaiméirí a sholáthar do gach duine den phobal.

Is féidir gearáin a sheoladh le ríomhphost chuig Gaeilge@athcliaththeas.ie nó leis an bpost chuig -

Feidhmíocht Chorparáideach agus Bainistíocht Athruithe,

Comhairle Contae Átha Cliath Theas,

Halla an Chontae,

Tamhlacht,

Baile Átha Cliath 24.

Caibidil 7: An Scéim Chomhaontaithe a Phoibliú

Fógrófar ábhar na scéime seo don phobal i gcoitinne ar na bealaí seo:

- Preaseisiúint
- É a fhoilsiú ar Shuíomh Gréasáin na Comhairle, ar an Inlíon, ar shuíomh gréasáin na Leabharlainne agus ar shuíomhanna Membersnet.
- Sna Meáin Shóisialta
- I seisiúin eolais agus feasachta don fhoireann

Ina theannta sin, tapóidh an Chomhairle gach deis ina hidirghníomhaíocht leis na custaiméirí ó lá go lá chun na seirbhísí a sholáthraímid trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- Na custaiméirí a chur ar an eolas go díreach agus go réamhghníomhach go bhfuil an rogha ann a ngnó a dhéanamh linn trí Ghaeilge, mar shampla, trí fhógraí a bheith ag na hionaid fáiltithe a thabharfaidh le fios dóibh céard iad na seirbhísí atá ar fáil trí Ghaeilge agus na seirbhísí sin a liostú go suntasach ar ár suíomh gréasáin
- A thabhairt le fios ar threoirlínte, ar bhileoga nó ar fhoirmeacha iarratais go bhfuil na doiciméid seo ar fáil i nGaeilge freisin, mura doiciméid iad atá dátheangach
- An tsuntasacht chéanna a thabhairt d'ábhair Ghaeilge agus d'ábhair Béarla

Is é an leagan Béarla den scéim seo an leagan oifigiúil.

Seolfar cóip den scéim chomhaontaithe chuig Oifig An Choimisinéara Teanga.

Aguisín 1 - Táscairí Feidhmíochta

Táscaire	MINICÍOCHT	Freagracht
Monatóireacht a dhéanamh ar an líon agus an % ball foirne a oileadh go leibhéal cáilíochta sonracha i nGaeilge agus ar an líon agus an % ball foirne a oileadh i bhfeasacht Ghaeilge.	Go bliantúil	Feidhmíocht Chorporáideach agus Bainistíocht Athruithe
An líon agus an % ball foirne a bhfuil ar a gcumas Gaeilge a labhairt dá réir seo: i. stiúirthóireacht ii. grád iii. láthair oibre Eolaire lárnach de na baill foirne ar cainteoirí Gaeilge iad a choinneáil ar inlíon na foirne	Go bliantúil	Feidhmíocht Chorporáideach agus Bainistíocht Athruithe
Monatóireacht a dhéanamh ar an líon agus ar an % gearán maidir le feidhmiú na Scéime Teanga ar déileáladh leo de réir na gcaighdeán corporáideach	Go míosúil	Feidhmíocht Chorporáideach agus Bainistíocht Athruithe
Monatóireacht a dhéanamh ar an líon cuairteanna ar shuíomh gréasáin Gaeilge na Comhairle	Go míosúil	Teicneolaíocht na Faisnéise agus na Cumarsáide
A chinntiú go mbeidh teideal na Comhairle, an íomhá corporáideach agus dearáí gaolmhara sa dá theanga orthu seo: i. Maoin ii. Feithiclí iii. Éide iv. Foilseacháin v. Gach cineál Taispeána Poiblí	Go bliantúil	Gach Roinn
A chinntiú go mbeidh gach comhartha nua agus gach comhartha athsholáthair (sealadach nó buan), lena n-áirítear comharthaí inmheánacha, seachtracha agus comharthaí bóthair iomlán dátheangach	Go bliantúil	Gach Roinn
Monatóireacht a dhéanamh ar an líon fiosruithe Cúraim do Chustaiméirí a gheofar i nGaeilge	Go míosúil	Feidhmíocht Chorporáideach agus Bainistíocht Athruithe